HAP

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
Housing Assistance Payment

# Leabhrán Eolais do Thiarnaí Talún



## Freagra le do chuid ceisteanna

Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

V.3 - Feabhra 2016

# Clár Ábhair

Faoin leabhrán seo

1 Céard í Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)?

2 Céard iad na buntáistí atá le ÍCT domsa?

3 Cá mbeidh ÍCT ar fáil?

4 Conas a oibreoidh ÍCT?

5 Céard iad na téarmaí agus coinníollacha atá le ÍCT?

6 An bhfuil teorainneacha le híocaíochtaí ÍCT?

7 Cé a íocann an éarlais chíosa?

8 Cé hé/hí an ‘tiarna talún’ - mise nó an t-údarás áitiúil?

9 An féidir íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí nó a stopadh?

10 Conas mar a oibreoidh an t-athrú ó Fhorlíonadh Cíosa go dtí íocaíochtaí ÍCT?

# Faoin leabhrán seo

Tá sé mar aidhm leis an leabhrán seo aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat, mar thiarna talún(nó gníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an tiarna talún), faoi scéim nua na n-údarás áitiúil um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta – ÍCT a fhreagairt.

## 1 Céard í Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)?

Tacaíocht tithíochta sóisialaí nua atá á tabhairt isteach ag údaráis áitiúla í an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). Tiocfaidh ÍCT in áit Forlíonadh Cíosa dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu agus a cháilíonn le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialaí. Ciallaíonn tabhairt isteach ÍCT gur féidir le húdaráis áitiúla cúnamh tithíochta a sholáthar anois do theaghlaigh a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu, lena n-áirítear go leor faighteoirí fadtéarmacha an Fhorlíonaidh Chíosa.

Soláthraíonn ÍCT córas tacaíochtaí tithíochta níos comhtháite agus táthar tar éis í a dhearadh chun cead a thabhairt do theaghlaigh a aimsíonn fostaíocht fadtéarmach fanacht sa scéim.

Faoi ÍCT, déanfaidh údaráis áitiúla íocaíochtaí thar ceann na dtionóntaí díreach leis na tiarnaí talún i dtaca le cíos. Beidh tionóntaí ÍCT freagrach as a gcuid cóiríochta féin a aimsiú san earnáil chóiríochta príobháidí ar cíos.

## 2 Céard iad na buntáistí atá le ÍCT domsa?

1) Íocaíocht dhíreach – beidh tú á íoc díreach ón údarás áitiúil, an Chéadaoin dheireanach de gach mí, go ginearálta.

2) Riarachán íseal – ní gá duit am a chur i leataobh chun cíos a bhailiú nó iarratais leantacha ar íocaíocht a dhéanamh leis an tionónta.

3) Baincéireacht éasca – déantar na híocaíochtaí ar fad go leictreonach.

4) Ón 1 Eanáir 2016 ar aghaidh tá faoiseamh cánach breise ar fáil do thiarnaí talún a mbíonn a réadmhaoin ligthe acu le tionóntaí a fhaigheann Forlíonadh Cíosa nó tacaíocht tithíochta sóisialta ó údarás áitiúil, ar nós ÍCT. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **www.revenue.ie**

## 3 Cá mbeidh ÍCT ar fáil?

Cuireadh tús le feidhmiú an ÍCT i líon beag údarás áitiúil in 2014.

Tá ÍCT á tabhairt isteach ar bhonn céimnithe in údaráis áitiúla ar fud na tíre. Déan teagmháil le d'údarás áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil.

Cuireadh tús le ÍCT píolótach speisialta do theaghlaigh gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin) freisin.

## 4 Conas a oibreoidh ÍCT?

Íocfaidh údaráis áitiúla íocaíochtaí ÍCT do theaghlaigh a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu díreach leat. Leagtar amach sna pointí seo a leanas conas mar a oibríonn an próiseas.

1) Aimsíonn iarratasóir atá incháilithe le haghaidh ÍCT réadmhaoin oiriúnach san earnáil chíosa príobháidigh. Mar chuid dá bpróiseas iarratais, ní mór duitse, tiarna talún na réadmhaoine, eolas ar leith a sheoladh chuig an údaráis áitiúil. Féadfaidh tú Roinn B den fhoirm iarratais ÍCT leis an eolas ábhartha a chur ar aghaidh go díreach chuig an údarás áitiúil.

Áireoidh an t-eolas seo:

a) Méid an chíosa míosúil

b) Cruthúnas úinéireachta / teideal chun gníomhú mar an tiarna talún na maoine

c) Sonraí íocaíochta do chuntais bhainc

d) Gealltanas i dtaca le comhlíontacht na réadmhaoine le caighdeáin um chóiríocht ar cíos

e) Gealltanas i dtaca le do chomhlíontacht cánach féin

Leagtar amach na gealltanais dá dtagraítear i d) agus e) i gCuid 5 anseo thíos agus Roinn B den fhoirm iarratais ÍCT.

2) Má fhaomhtar an t-iarratas, tosóidh an t-údarás áitiúil ag déanamh íocaíochtaí ÍCT don chíos comhaontaithe díreach isteach i do chuntas bainc an Chéadaoin dheireanach de gach mí faoi réir coinníollacha na scéime. Tabhair faoi deara nach ndéanfaidh d'údarás áitiúil aon íocaíochtaí ÍCT leat roimh an dáta a fhaigheann siad foirm iarratais ÍCT bailí agus iomlán ón iarratasóir agus uait mar thiarna talún. Má bhogann iarratasóir isteach i dídean roimh an dáta sin beidh orthu aon cíos a íoc don tréimhse sin. Moltar duit Roinn B den iarratas ÍCT bailí agus iomlán a chuir ar ais chuig d'údarás áitiúil a luaithe is féidir tar éis tionóntacht a aontú.

3) Go ginearálta, cuirfear íocaíochtaí ÍCT isteach i do chuntas an Chéadaoin dheireanach de gach mí, i riaráistí.

4) Cosúil le scéim an Fhorlíonaidh Chíosa, beidh teorainneacha i dtaca leis an íocaíocht uasta do chineálacha teaghlach éagsúla i gceantair éagsúla.

5) Mar atá amhlaidh i gcás tionóntachtaí eile, beidh an caidreamh idir tusa agus do thionónta á rialú ag an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (RTA) (arna leasú). Ciallaíonn sé seo nach mór duit clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB). Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin an PRTB **www.prtb.ie**. Seolfaidh údaráis áitiúla liosta chuig an PRTB de na tiarnaí talún ar fad atá ag fáil íocaíochtaí ÍCT. Tugann sé seo cead don PRTB a sheiceáil go bhfuil na tionóntachtaí uile ina bhfuil ÍCT á híoc cláraithe leo.

6) Níl conradh agat leis an údarás áitiúil. Tá íocaíocht á déanamh ag an údarás áitiúil thar ceann an tionónta ÍCT.

## 5 Céard iad na téarmaí agus coinníollacha atá le ÍCT?

1) Caighdeáin um chóiríocht ar cíos a chomhlíonadh.
Ní mór do réadmhaoin ÍCT, mar atá i gceist le réadmhaoin eile ar cíos, na caighdeáin um chóiríocht ar cíos a chomhlíonadh. Is féidir le d'údarás áitiúil eolas a thabhairt duit faoi na caighdeáin seo, nó tabhair cuairt ar an rannóg tithíochta de shuíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil **www.environ.ie**.

Mar chuid d'iarratas thionónta, ní mór duitse, mar thiarna talún, féin-dearbhú a thabhairt go sásaíonn an réadmhaoin na caighdeáin riachtanacha. Déanfaidh an t-údarás áitiúil an réadmhaoin a scrúdú chun a chinntiú go sásaíonn sí na caighdeáin chuí. Déanfar an scrúdú seo laistigh de thréimhse ocht mí ón gcéad íocaíocht ÍCT.

2) Comhlíonadh cánach.
Chun íocaíochtaí ÍCT a fháil, ní mór go mbeifeá cáin-chomhlíontach. Iarrfar ort a dhearbhú go bhfuil tú cáin-chomhlíontach mar chuid d'iarratas ÍCT an tionónta. Tá suas le cúig mhí agat ón uair a déantar an chéad íocaíocht ÍCT chun deimhniú imréitigh cánach reatha agus bailí a sholáthar don údarás áitiúil, ag léiriú go bhfuil tú cáin-chomhlíontach. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh ort é seo a dhéanamh níos luaithe ag brath ar méid na n-íocaíochtaí ÍCT atá á fháil agat. Ní mór duit deimhniú imréitigh cánach a sholáthar sula shroicheann íocaíochtaí leat €10,000.

3) Comhlíontacht an tionónta.
Ní mór do thionóntaí ÍCT ranníocaíocht chíosa seachtainiúil a íoc leis an údarás áitiúil i gcomhréir le scéim cíosanna difreálacha an údaráis áitiúil. **Ní mór** go n-íocfadh siad an ranníocaíocht seo ionas go bhfanfadh siad incháilithe le haghaidh ÍCT, agus ionas gur féidir leanúint le híocaíochtaí ÍCT a dhéanamh leatsa dá réir.

## 6 An bhfuil teorainneacha le híocaíochtaí ÍCT?

Tá. Faoi reachtaíocht ÍCT, sonraíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil teorainneacha le haghaidh íocaíochtaí ÍCT bunaithe ar an líon daoine i dteaghlach agus an margadh cíosa sa cheantar. I dtús báire, de réir mar atá ÍCT á tabhairt isteach, beidh na teorainneacha seo bunaithe ar theorainneacha reatha an Fhorlíonaidh Chíosa. Is féidir tuilleadh eolais ar na teorainneacha a bhaineann le do réadmhaoin, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ag brath ar mhéid theaghlach an tionónta, a fháil ó d'údarás áitiúil.

## 7 Cé a íocann an éarlais chíosa?

An tionónta a íocann an éarlais chíosa. Faoin ÍCT, **ní íocann** an t-údarás áitiúil an éarlais. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh tionóntaí a cháilíonn le haghaidh ÍCT incháilithe freisin le haghaidh íocaíochta um riachtanais eisceachtúla ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

D'fheadfadh go gcabhródh an íocaíocht seo le héarlais a íoc, faoi réir faofa na Roinne Coimirce Sóisialaí.

## 8 Cé hé/hí an 'tiarna talún' - mise nó an t-údarás áitiúil?

Tá an príomhchaidreamh 'tiarna talún agus tionónta' ann idir tusa agus an tionónta ÍCT. I ndáiríre, beidh an tionóntacht á rialú ag téarmaí an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (arna leasú). Ciallaíonn sé seo go bhfuil an tionónta ÍCT mar **do** thionónta agus **ní** tionónta de chuid an údaráis áitiúil é/í.

## 9 An féidir íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí nó a stopadh?

Is féidir. Stopfaidh íocaíochtaí ÍCT nuair a chuireann tusa nó do thionónta deireadh leis an tionóntacht ar aon cheann de na gnáth-chúiseanna a ndéantar foráil dóibh san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (arna leasú).

Mar an chéad chéim, d'fhéadfaí íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí seachas iad a stopadh chun roinnt ama a thabhairt duit aon deacrachtaí a réiteach. Má réitítear na deacrachtaí seo, atosóidh na híocaíochtaí; ach mura réitítear iad, d'fhéadfaí go stopfaí na híocaíochtaí go hiomlán.

Is féidir le húdaráis áitiúla íocaíochtaí a chur ar fionraí nó a stopadh ar chúiseanna eile freisin. Tugtar roinnt samplaí anseo thíos:

**Sampla 1**
Féadann údarás áitiúil íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí nó a stopadh má theipeann ar an tionónta ÍCT an ranníocaíocht riachtanach a dhéanamh leis an údarás áitiúil. Má tharlaíonn sé seo, tá an tionónta freagrach as an cíos iomlán a íoc iad féin. Chun an riosca ina leith seo a laghdú, éileofar go ginearálta ar fhaighteoirí ÍCT socruithe íocaíochta leictreonaí uathoibríoch a leagan amach.

**Sampla 2**
Féadtar íocaíochtaí ÍCT a stopadh freisin má léiríonn an scrúdú ar an réadmhaoin nach sásaíonn an chóiríocht riachtanais na réadmhaoine ar cíos agus go bhfuil teipthe ort í a thabhairt suas chuig an gcaighdeán cuí.

**Sampla 3**
Stopfar íocaíochtaí mura bhfuil deimhniú imréitigh cánach reatha agus bailí soláthartha agat don údarás áitiúil laistigh den tréimhse ama riachtanach.

## 10 Conas mar a oibreoidh an t-athrú ó Fhorlíonadh Cíosa go dtí íocaíochtaí ÍCT?

Tá údaráis áitiúla i mbun oibre leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun roinnt tionóntaí a athrú ó Fhorlíonadh Cíosa go dtí íocaíochtaí ÍCT. Déanfar tionóntaí atá ag fáil Forlíonadh Cíosa le tréimhse suntasach ama agus atá tar éis cáiliú don tacaíocht tithíochta sóisialaí a aistriú anonn go ÍCT thar tréimhse ama.

Má tá Forlíonadh Cíosa á fháil ag do thionónta, d'fhéadfadh go rachadh siad i mbun teagmhála leat faoi athrú go ÍCT má aontaíonn tú le téarmaí na scéime. Táimid ag súil go bhfanfaidh na tionóntaí seo um an athrú ina gcóiríocht reatha áit ar féidir. Tarlóidh an t-athrú ar dháta comhaontaithe. Tar éis an dáta sin, déanfaidh an t-údarás áitiúil íocaíochtaí cíosa díreach isteach i do chuntas bainc.

Leanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí ar aghaidh ag íoc Forlíonadh Cíosa le tionóntaí nach gcáilíonn don tacaíocht tithíochta sóisialaí - mar shampla, duine a chailleann ioncam mar thoradh ar dhífhostaíocht sealadach. Nuair a fhilleann siad ar an obair, níl gá le tacaíocht níos mó.

**Tuilleadh eolais:**

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi ÍCT, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil: **www.environ.ie** nó an suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh: **www.citizensinformation.ie**